Campa Scileanna Pheil na mBan



Eochairfhocail: campa, scileanna nua, cleachtadh, peil na mban
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cad a bhuaigh banpheileadóirí na Gaillimhe an samhradh seo?
2. Breac síos rud amháin a luann Molly atá ar siúl ag na cailíní atá ag an gcampa.
3. Cén deis a thug an campa seo do na cailíní óga a ghlac páirt ann?
4. Cathain a bhí an campa seo agus campaí eile den saghas céanna ar siúl timpeall an chontae?

Anois, ag obair le do pháirtí ranga, déanaigí na ceisteanna seo a leanas a phlé lena chéile:

- Cén spórt is fearr leat? Cén fáth?
- An dtaitníonn an pheil Ghaelach leat? Cén fáth?
- Ar fhreastail tú ar aon champaí ag an mbriseadh lár téarma? Má d'fhreastail, cén saghas campa a bhí ann?
- An dtaitníonn sé leat a bheith ag freastal ar champaí d'aon saghas nuair a bhíonn tú saor ón scoil? Cén fáth?

Campa Scileanna Pheil na mBan



Eochairfhocail: campa, scileanna nua, cleachtadh, peil na mban
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

Freagraí:

1. Corn Brendan Martin/Craobh na hÉireann
2. Ag imirt cluichí/ag cur aithne ar a chéile/ag déanamh cairde nua
3. Scileanna nua a fhoghlaim agus a chleachtadh le cuid de na peileadóirí is fearr sa tír
4. I rith an tsosa lár téarma

